Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10710 – SELFINVEST / LLG / SELECTED CAR GROUP JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 170/07)

1. An 13 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— SelfInvest ApS ("Selfinvest", an Danmhairg) atá faoi rialú deiridh theaghlach Østergaard,

— LLG A/S ("LLG", an Danmhairg) atá faoi rialú deiridh theaghlach Brunsborg,

— Selected Car Group A/S ("SCG JV", an Danmhairg).

Gheobhaidh Selfinvest agus LLG rialú comhpháirteach ar SCG JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin aistriú sócmhainní agus ceannach scaireanna i gcuideachta ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é SelfInvest an chuideachta sealbhaíochta le haghaidh grúpa éagsúil cuideachtaí, go príomha laistigh de réimse na loingseoireachta. Tá gníomhaíochtaí ag SelfInvest laistigh den bhainistíocht riosca domhanda, seirbhísí críochfoirt agus stíbheadóireachta, seoladh lasta, umair breosla buncair, ola agus táirgí ceimiceacha, agus TF,

— Tá LLG faoi rialú theaghlach Brunsborg agus rialaíonn sé grúpa éagsúil cuideachtaí go príomha laistigh den earnáil miondíola, lena n-áirítear an slabhra miondíola troscáin JYSK.

3. Beidh gníomhaíochtaí léasaithe de chuid Selfinvest agus LLG atá ann cheana i seilbh SCG JV, ar gníomhaíochtaí iad a bhaineann go príomha le gluaisteáin agus veaineanna sóchais a léasú. Ina theannta sin, aistreoidh na Páirtithe a gcuid gníomhaíochtaí imeallacha atá ann cheana maidir le díolachán feithiclí athláimhe a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí léasaithe chuig SCG, agus aistreoidh Selfinvest a chuid gníomhaíochtaí maidir le hinfheistíocht i bhfeithiclí sóchais.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe maidir le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10710 – SELFINVEST / LLG / SELECTED CAR GROUP JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË